Gaelscoil Thulach na nÓg
Bóthar Rúisc
Dún Búinne
Co na Mí
**Uimhir rolla: 20082Q**

# Polasaí Scoile faoi fhóin phóca

Rinneadh an polasaí seo a leanas i gcomhar leis an bhFoireann Teagaisc, an Bord Bainistíochta agus Comhairle na dTuismitheoirí. Tiocfaidh an polasaí i bhfeidhm ar an 30.8.2017.

**An Príomhoide** Tá cead ag an bPríomhoide an fón póca a úsáid **san oifig amháin nó sa seomra foirne amháin** le linn am scoile.

**Múinteoirí** Tá cead ag múinteoirí agus cúntóirí oideachais speisialta an fón póca a úsáid sa **seomra foirne amháin** le linn am scoile. Tá cead ag múinteoirí a bhíonn i mbun cúrsaí do dhaltaí tar éis am scoile an fón póca a úsáid nuair a bhíonn na **cúrsaí sin thart.**

**An t-Airíoch** Tá cead ag an airíoch an fón póca a úsáid **taobh amuigh den scoil amháin** le linn am scoile.

**An Rúnaí** Tá cead ag an rúnaí an fón póca a úsáid **san oifig amháin** nó sa **seomra foirne amháin** le linn am scoile.

**Cuairteoirí** Tá cead ag cuairteoirí chuig an scoil an fón póca a úsáid **san oifig nó sa seomra foirne amháin** le linn am scoile.

**Tá sé fíorthábhachtach go dtugann oibreoirí na scoile agus cuairteoirí ceannaireacht le dea-shampla do dhaltaí maidir le cur i bhfeidhm na rialacha.**

## Daltaí:

Tá cead ag an dalta fón póca a thabhairt ar scoil ach caithfidh sí/sé cloí go docht leis na rialacha seo a leanas:

(i) Ní mór foirm cheadaithe faoi úsáid an fhóin póca a bheith faighte sa scoil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí roimh ré; (Is féidir an fhoirm seo a fháil san oifig);

(ii) Caithfidh an dalta an fón póca a mhúchadh sula thagann sé/sí ar scoil agus é a choimeád múchta le linn dó/di a bheith ar scoil;

(iii) Tá cead ag an dalta an fón póca a choimeád ina m(h)ála scoile le linn am scoile;

(iv) Is féidir leis an dalta an fón póca a chur ar siúl arís nuair a fhágann sí/sé an scoil;

(v) I gcás imeachtaí a tharlaíonn taobh amuigh den scoil, mar shampla, – turais scoile, snámh, cluichí peile srl níl cead ag an dalta an fón póca a thabhairt leis/léi;

(vi) I gcás éigeandála d'fhéadfadh tuismitheoir /caomhnóir teachtaireacht phráinneach a sheoladh chuig a p(h)áiste agus a mhalairt trí ghlao a chur chuig oifig na scoile;

(vii) Má bhriseann aon dalta na rialacha thuasluaite (i)-(v), caithfidh sé/sí an fón póca a thabhairt suas go dtí oifig an Phríomhoide; coimeádfar an fón póca in áit shábháilte san oifig ar feadh seachtaine;

(viii) Ní mór do thuismitheoir/ caomhnóir an fón póca a bhailiú ón bPríomhoide tar éis seachtaine;

(ix) Tabharfar deis eile don dalta an fón póca a thabhairt leis/léi ar scoil;

(x) Má bhriseann an dalta na coinníollacha arís, ní bheidh cead aige/aici an fón póca a thabhairt ar scoil arís.

**Ní bheidh an Bord Bainistíochta freagrach as damáiste, caillteanas nó gadaíocht d' fhón póca sa scoil.**

Siniú: Séamus Caomhánach    Dáta: 29 Meán Fómhair

Séamus Caomhánach, Cathaoirleach an Bhoird